Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Teanga in Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí i Seomra Ranga an Cheoil

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	Torthaí Foghlama	Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach	Snáitheanna

Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis	Modhanna Rannpháirtíochta	Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí	Tréithe

CC BY NC

Maidir leis an bhfoghlaim sa dá shnáithe *Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl* agus *Ceol i gComhthéacs: San am a caitheadh agus san am i láthair,* tá siad comhthreisithe. Tá an fhoghlaim fite fuaite agus ba cheart staidéar a dhéanamh uirthi ag an am céanna, seachas ina haonar nó in ord líneach.

Baineann foghlaim seo na scoláirí lena n-eispéiris ar fad sa tSraith Shinsearach. Is scáth-théarma é a chuimsíonn an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn scoláirí ar bhealach comhtháite.

Ráitis iad ina leagtar amach an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart don scoláire a bheith in ann a léiriú tar éis tréimhse foghlama.

Sa colún is faide ar chlé, tá achoimre ar na réimsí áirithe a gcaithfidh scoláirí foghlaim faoi. Tá níos mó sonraí agus scafláil na tuisceana maidir leis na torthaí foghlama gan dul ró-fhada isteach sa mhíniú.

Ráitis iad a thugann soiléiriú ar gach príomhinniúlacht: leagtar amach an tslí a bhforbróidh agus gcuirfidh scoláirí an phríomhinniúlacht sin i bhfeidhm. Is é an cuspóir go ndéanann scoláirí a ndícheall a oiread de na príomhinniúlachtaí is féidir a fhorbairt, ach an méid a bhaineann leo féin amháin a choimeád san am céanna.

Is slat tomhais iad na 8 dTreoirphrionsabal ar mhaithe le scoileanna agus le suíomhanna oideachais eile fad a bhíonn siad i mbun a sraith shinsearach a dhearadh.

Maidir le comhtháthú *Cruthú agus Iniúchadh, Éisteacht, Tabhairt Breithmheasa agus Freagairt, agus Taibhiú agus Déanamh Ceoil,* cuireann sé tuiscint níos doimhne ar an gceol chun cinn agus tugann sé deiseanna do scoláirí lena fhoghlaim conas a bheith ina gceoltóirí agus iad féin mar cheoltóirí a réadú.

Is rud é a spreagann scoláirí chun tuiscint iomlánaíoch ar an méid atá i gceist le bheith ina cheoltóir a fhorbairt trína bhfoghlaim, nach féidir a mheasúnú go furasta le scrúdú scríofa, a chur i bhfeidhm trí thaispeántas praiticiúil.